Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta
10
acmhainn do bhliain 10

Curaclam
Thuaisceart Éireann

# an fachtóir WOW

## Aonad a Trí Is Fútsa Átá Sé

# an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta 10 acmhainn do bhliain 10

# Clár Ábhair


**Léargas Ginearálta ar an Aonad** 3

**Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc taobh istigh den Aonad seo** 5

| | | |
|---|---|---|
| **Téama 1** | Ag Tógáil Scileanna | 6 |
| **Téama 2** | Mo Chuid Tréithe Pearsanta | 7 |
| **Téama 3** | Pearsantacht | 8 |
| **Téama 4** | Do do Bhrandáil | 9 |
| **Téama 5** | An Dúshlán – Cás an Ardaitheora | 10 |

**Áiseanna**

**Suímh Idirlín Úsáideacha**

# an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta 10 acmhainn do bhliain 10

## Aidhm

Is é aidhm an aonaid seo deis a thabhairt do na daltaí smaoineamh faoi phleanáil gairmeacha agus faoina gcuid roghanna sa todhchaí.

Moltar go háirithe do na daltaí:

- machnamh ar a gcuid láidreachtaí uathúla;
- smaoineamh faoina gcuid uaillmhianta; agus
- spriocanna a leagan síos don fhéinfhorbairt.

Faigheann na daltaí léargas fosta ar an tábhacht atá le scileanna láithreoireachta agus féinmhargaíochta taobh istigh de chomhthéacs na hinfhostaitheachta.

# Léargas Ginearálta ar an Aonad

## Mapáilte chuig na Ceanglais Reachtúla

**Ba chóir go mbeadh deiseanna ag na daltaí:**

- a gcuid scileanna pearsanta a mheas;
- a gcuid gnóthachtálacha go nuige seo a mheas;
- réimsí suime a shainaithint agus spriocanna a leagan síos faoi choinne féinfheabhsaithe; agus
- scileanna láithreoireachta agus féinmhargaíochta a chleachtadh.

## Spriocanna Foghlama

**Foghlaimíonn Daltaí:**

- go bhfuil sé tábhachtach a gcuid scileanna agus tréithe infhostaitheachta a mheas i rith an ama;
- go bhfuil dóigheanna ann le scileanna agus tréithe infhostaitheachta a fhorbairt;
- go gcuidíonn sé le daoine iad féin agus daoine eile a thuiscint má bhíonn siad eolach ar chineálacha éagsúla pearsantachta; agus
- go bhfuil daoine aonair uathúil agus go bhfuil scileanna, cumais, roghnachais agus suimeanna difriúla acu uile.

## Critéir Ratha

**Ag deireadh an aonaid seo:**

- beidh na daltaí ábalta cur síos ar chuid de na scileanna agus tréithe acu agus na cinn a chaithfidh siad tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu a shainaithint;
- na spriocanna a shainaithint a léiríonn a gcuid riachtanas agus tosaíochtaí féin;
- cuid den iompar a léiríonn pearsantachtaí éagsúla a aithint; agus
- a gcuid eolais ar chineálacha pearsantachtaí a úsáid le difríochtaí aonair a thuiscint agus a gcuid láidreachtaí féin a aithint.

## Fócas ar Scileanna Infhostaitheachta

**Ligeann an t-aonad seo do dhaltaí scileanna a fhorbairt a chomhlíonann ceanglais reachtúla an churaclaim athbhreithnithe ag Eochairchéim 3. Tugtar breac-chuntas thíos ar an fhócas atá taobh istigh den aonad seo:**

**Féinbhainistíocht**

- A gcuid riachtanas foghlama féin a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta.
- Níos mó neamhspleáchais a thaispeáint agus tú ag leagan síos spriocanna pearsanta agus bheith ag obair ina dtreo.

## Buncheisteanna

**Síos tríd an aonad seo, spreag na daltaí amharc ar na ceisteanna seo a leanas:**

- *Cad iad mo chuid scileanna agus tréithe agus cad é mar a thig liom iad a fhorbairt?*
- *Cad é mar a léiríonn mo chuid roghnachas an cineál duine atá ionam?*
- *An dtig liom mé féin a chur i láthair go héifeachtach d'fhostóir?*

Explore
EARTHWORKS

# Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc san Aonad seo

## Téama 1
### Ag Tógáil Scileanna

Measann na daltaí a gcuid scileanna agus sainaithníonn siad cad é mar a thig leo iad a fhorbairt a thuilleadh.

## Téama 2
### Mo Chuid Tréithe Pearsanta

Measann na daltaí a gcuid tréithe pearsanta agus sainaithníonn siad cad é mar a thig leo iad a fhorbairt a thuilleadh.

## Téama 3
### Pearsantacht

Foghlaimíonn na daltaí go bhfuil roghnachais agus iompar éagsúla ag daoine agus go bhfuil siad uile lán chomh luachmhar lena chéile.

Foghlaimíonn siad fosta nach gcinneann cineálacha pearsantachtaí agus roghnachais ábaltacht agus nar chóir iad a úsáid le roghanna gairme todhchaíocha a shocrú.

## Téama 4
### Do do Bhrandáil

Amharcann na daltaí ar a 'bpictiúr mór' trí fhiosrú faoin dóigh a bhfuil siad ina ndaoine aonair uathúla. Déanann siad margaíocht orthu féin fosta trína mbrandáil uathúil féin a fhorbairt.

## Téama 5
### An Dúshlán – Cás an Ardaitheora

Cleachtann na daltaí a gcuid scileanna láithreoireachta agus féinmhargaíochta trí 'chás ardaitheora' a ullmhú agus a thabhairt.

# Téama 1
# Ag Tógáil Scileanna

## Measann na daltaí a gcuid scileanna agus sainaithníonn siad cad é mar a thig leo iad a fhorbairt a thuilleadh.

### Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Mo Mheasúnú Scileanna Infhostaitheachta* (Áis 1)
- *Mo Phlean Gníomhaíochta Scileanna Infhostaitheachta* (Áis 2)
- Páipéar smeach-chairte

### Gníomhaíocht 1

I mBlianta 8 and 9 bhí an deis ag na daltaí an réimse scileanna atá á lorg ag fostóirí a fhiosrú. Sa téama seo, déanann siad athmheasúnú ar a gcuid scileanna agus amharcann siad ar an dóigh a dtig leo iad a fhorbairt níos mó.

Tabhair cóip de *Mo Mheasúnú Scileanna Infhostaitheachta* do gach dalta. Mar rang, léigí agus pléigí é seo. Tabhair cuireadh do na daltaí an teist a chomhlánú agus a scór a shuimiú. Ansin, eagraigh an rang ina mbeirteanna. Iarr ar na beirteanna an measúnú a athdhéanamh ach an iarraidh seo caithfidh siad scileanna infhostaitheachta a gcomhpháirtí a rátáil. Cuir cuireadh ar na daltaí an dá scór a chur i gcomparáid lena chéile.

Cuir roinnt aiseolais ar fáil do na daltaí. Mínigh dóibh go gcreideann daoine go bhfuil daoine eile 'láidir' i réimsí áirithe fiú nuair nach gcreideann siad é sin fúthu féin. Tá sé tábhachtach fosta a aibhsiú nach bhfuil an measúnú féin chomh tábhachtach leis an dóigh a mothaíonn an duine faoina chuid/cuid scileanna. Cinntigh go dtuigeann na daltaí gur feidir scileanna infhostaitheachta a fhoghlaim.

Ansin, iarr ar na daltaí TFC a úsáid le graf a chruthú óna gcuid scór.

Mar fhaisnéis ar an ghníomhaíocht seo, iarr ar na daltaí amharc ar an cheist seo a leanas: *An bhfuil roinnt scileanna infhostaitheachta níos tábhachtaí ná scileanna infhostaitheachta eile? Cad chuige?/Cad chuige nach bhfuil?*

### Gníomhaíocht 2

Eagraigh na daltaí i gcúig ghrúpa. Cuir bileog mhór páipéir ar fáil do gach grúpa agus ceann de na ceannteidil seo a leanas scríofa ar gach bileog:

- Cad é mar is féidir scileanna cumarsáide a fhorbairt?
- Cad é mar is féidir scileanna obair bhuíne a fhorbairt?
- Cad é mar is féidir scileanna pleanála agus eagraithe a fhorbairt?
- Cad é mar is féidir scileanna fadhbréitigh agus déanta cinntí a fhorbairt?
- Cad é mar is féidir scileanna TFC a fhorbairt?

Tabhair cuireadh do na grúpaí ransú smaointe a dhéanamh ar roinnt freagraí ar a gceist. Iarr ar chláraitheoir a gcuid freagraí a scríobh ar an bhileog páipéir. Nuair a bhíonn an ghníomhaíocht críochnaithe acu, iarr ar na grúpaí a mbileoga a rothlú chuig an chéad ghrúpa eile. Iarr ar na grúpaí an cheist agus na freagraí a léamh ar a mbileog úr agus ar a laghad bealach amháin eile a shainaithint ina bhféadfaí an scil úr a fhorbairt. Lean ar aghaidh leis an ghníomhaíocht seo go dtí go bhfuil freagraí tugtha ag gach grúpa ar gach freagra. Má thig leat, taispeáin na bileoga críochnaithe sa seomra ranga nó is féidir iad a úsáid sa chéad chuid eile den ghníomhaíocht.

Ansin, tabhair cóip den áis *Mo Phlean Gníomhaíochta Scileanna Infhostaitheachta* do gach dalta. Iarr orthu plean gníomhaíochta a fhorbairt lena gcuid scileanna infhostaitheachta a fhorbairt. Tig leis na daltaí na measúnuithe agus na graif a úsáideadh i nGníomhaíocht 1 a úsáid le cuidiú leo na scileanna infhostaitheachta a chaithfidh siad a fhorbairt a shainaithint. Tig leo na modhanna molta forbartha scileanna ó Ghníomhaíocht 2 a úsáid fosta le cuidiú leo an dóigh a dtiocfadh leo a gcuid scileanna a fhorbairt a shainaithint.

# Téama 2

# Mo Chuid Tréithe Pearsanta

## Measann na daltaí a gcuid tréithe pearsanta agus sainaithníonn siad cad é mar a thig leo iad a fhorbairt a thuilleadh.

### Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Fógra Poist 'Scanlann'* (Áis 3)
- Smeach-chairteacha x 4

### Gníomhaíocht 1

Roinn an rang i gceithre ghrúpa. Leithdháil ceann de na tréithe seo a leanas ar gach grúpa:

- spreagtha;
- eagraithe;
- muiníneach; agus
- tiomanta.

Cuir ceithre smeach-chairt thart ar an seomra ranga. Tarraing trí cholún ar gach leathanach smeach-chairte agus cuir na teidil seo a leanas orthu:

- baile;
- scoil; agus
- pobal (caitheamh aimsire/suimeanna).

Iarr ar gach grúpa bogadh in aice le ceann de na smeach-chairteacha. Ansin, iarr orthu bealaí a scríobh síos a dtig leo a dtréith leithdháilte a léiriú i ngach ceann de na trí réimse. Mar shampla, caithfidh an grúpa 'spreagtha' bealaí a chlárú ina bhfuil siad nó inar chóir go mbeadh siad spreagtha sa bhaile, ar scoil agus sa phobal (caitheamh aimsire/suimeanna).

Nauir a bhíonn na grúpaí críochnaithe, tabhair cuireadh dóibh rothlú chuig an chéad smeach-chairt eile agus tuilleadh freagraí a chlárú. Iarr ar na grúpaí leanúint ar aghaidh go dtí go bhfuil a gcuid smaointe ar gach leathanach smeach-chairte acu. Cuir cuireadh ar an rang na freagraí uile ar na leathanaigh smeach-chairte a léamh.

Ansin, tabhair cuireadh do na daltaí fáthanna a mholadh cad chuige a mbeadh daoine de dhíth ar fhostóir a dtig leo na tréithe seo a léiriú san ionad oibre. B'fhéidir gur ghá leideanna a sholáthar mar iad seo a leanas:

- i siopa;
- in otharlann;
- i monarcha; agus/nó;
- i seomra taispeántais carranna.

### Gníomhaíocht 2

Mínigh don rang go gcuireann fostóirí na scileanna agus na tréithe in iúl i bhfógra poist atá de dhíth orthu ó fhostaithe. Tabhair cóip den *Fhógra Poist 'Scanlann'* do na daltaí. Iarr orthu é a léamh go cúramach agus aird faoi leith a thabhairt ar na scileanna agus ar na tréithe atá de dhíth ar an fhostóir.

Eagraigh an rang ina mbeirteanna. Iarr orthu a shamhlú go bhfuil siad ag cur isteach ar phost páirtaimseartha ag Scanlann, ar bhonn roinnte poist. Cuir cuireadh orthu cur i láthair a ullmhú le taispeáint cad é mar a chomhlíonann siad na critéir a thaispeántar san fhógra.

Mar rang, pléigí agus aontaígí na critéir ratha don chur i láthair roimh ré, mar shampla:

- míníonn sé cad é mar a chomhlíonann sé na critéir;
- tá sé áititheach; agus/nó;
- úsáideann sé guth soiléir.

Tabhair cuireadh do bheirteanna a gcur i láthair a dhéanamh don chuid eile den rang. Bain úsáid as piarmheasúnú le hamharc ar cé chomh maith agus a chomhlíon siad na critéir ratha chomhaontaithe.

# Téama 3
# Pearsantacht

**Foghlaimíonn na daltaí go bhfuil roghnachais agus iompar éagsúla ag daoine agus go bhfuil siad uile lán chomh luachmhar lena chéile. Foghlaimíonn siad fosta nach gcinneann cineálacha pearsantachtaí agus roghnachais ábaltacht agus nar chóir iad a úsáid le roghanna gairme todhchaíocha a shocrú.**

### Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Measúnú Roghanna Pearsantachta* (Áis 4)

### Gníomhaíocht 1

Tabhair cuireadh do na daltaí a n-ainm a scríobh ar phíosa páipéir leis an lámh nach n-úsáideann siad le scríobh de ghnáth. Iarr orthu amharc air agus cur síos ar an chuma atá air. I measc na bhfreagraí bheadh b'fhéidir:
- míshlachtmhar;
- trína chéile; agus/nó
- doiligh a léamh.

Ansin, tabhair cuireadh do na daltaí cur síos ar cad é mar a mhothaigh sé ag úsáid na láimhe eile le scríobh. I measc na bhfreagraí bheadh b'fhéidir:
- míchompordach;
- aisteach; agus/nó
- doiligh.

Mínigh do na daltaí an dóigh chéanna agus a bhfuil lámh 'roghnaithe' againn le scríobh léi, tá dóigh roghnaithe againn le muid féin a iompar. Bloic tógála de chuid ar bpearsantachta atá san iompar seo. Tá gach pearsantacht lán chomh luachmhar leis an chéad cheann eile, sa dóigh chéanna agus nach bhfuil duine ar fearr leis/léi scríobh lena lámh chlé níos fearr nó níos measa ná an duine ar fearr leis/léi scríobh lena lámh dheas.

### Gníomhaíocht 2

Cuir cóip den *Mheasúnú Roghanna Pearsantachta* ar fáil do gach dalta agus pléigh an cúram. Mol do na daltaí measúnú a dhéanamh ar an dóigh ar fearr leo iad féin a iompar dar leo agus rogha shaor acu.

Mar fhaisnéis ar an ghníomhaíocht seo, tabhair cuireadh do na daltaí plé a dhéanamh ar an dóigh a gcuideodh sé leo bheith feasach ar a n-iompar roghnaithe:
- agus iad ag déanamh cinntí gairme; agus
- agus iad ag obair le daoine éagsúla.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nár chóir go mbeadh gairmeacha á gcinneadh ag na roghnachais seo, mar nach comhartha ar ábaltacht iad. Ina áit sin, b'fhéidir go mbeadh sé níos úsáidí do dhaltaí machnamh pearsanta a dhéanamh ar cé chomh compordach agus a mhothódh siad faoi roghanna éagsúla gairme, bunaithe ar a gcuid roghnachas.

Cuir i gcuimhne do na daltaí go bhfuil bealaí roghnaithe éagsúla iompair ag daoine agus go bhfuil na roghnachais seo uile chomh luachmhar lena chéile. Trí bheith feasach ar na difríochtaí seo b'fhéidir go mbeadh sé níos fusa bheith ag obair le daoine a bhfuil pearsantachtaí difriúla acu. Bíonn daoine aonair ábalta a n-iompar nó a mbealaí oibre a leasú ansin lena chinntiú go bhfuil gach aon duine san fhoireann compordach agus ábalta a ról a chleachtadh ina stíl roghnaithe.

# Téama 4

# Do Do Bhrandáil

## Amharcann na daltaí ar a 'bpictiúr mór' trí fhiosrú faoin dóigh a bhfuil siad ina ndaoine aonair uathúla. Déanann siad margaíocht orthu féin fosta trína mbrandáil uathúil féin a fhorbairt.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!
**Ceisteoireacht éifeachtach**
**Ag soláthar am smaoinimh**
**Ag úsaid leidráiteas**

### Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *An Pictiúr Mór* (Áis 5)
- Cártaí gnó samplacha

### Gníomhaíocht 1

Mínigh do na daltaí, i saol an ghnó, go mbaineann brandáil le:

- fáil amach cad é ba mhaith le custaiméirí;
- táirge nó seirbhís a dhéanamh a mheaitseálann leis an rud atá de dhíth ar chustaiméirí; agus
- fógraíocht agus margaíocht a úsáid le haireachtáil den táirge nó den tseirbhís a chruthú a thaispeánann cad é mar a mheaitseálann sé leis an rud atá de dhíth ar an chustaiméir.

Léirigh an gaol idir brandáil agus lorg poist. Mínigh agus iad ar lorg poist, go sainaithníonn daoine an rud atá de dhíth ar an fhostóir agus ansin déanann siad iarracht a gcuid scileanna agus tréithe a mheaitseáil le riachtanais an fhostóra.

Mínigh go dtig linn ár mbranda féin a chruthú mar dhaoine aonair.
Mar rang, pléigí na ceisteanna seo a leanas:

- Cad é mar ba mhaith leat go n-aireodh múinteoirí, do theaghlach nó do chairde thú nó go ndéanfadh siad tú a 'bhrandáil'?
- An bhfuil aon difríocht sa dóigh ar mhaith leat do mhúinteoirí agus do chairde tú a aireachtáil?

Mol do na daltaí smaoineamh orthu féin mar dhuine uathúil lena gcuid suimeanna, roghnachas, scileanna agus ábaltachtaí féin.

Iarr ar na daltaí bheith ag obair ar a gconlán féin agus cárta gnó a chruthú a léiríonn a mbranda pearsanta.
Caithfidh an cárta gnó na nithe seo a leanas a chuimsiú:

- a lógó;
- strapaláine a dhéanann achoimre ar cé hiad féin; agus
- fíricí uathúla fúthu féin mar shampla suimeanna, scileanna agus ábaltachtaí.

Cuir cártaí gnó samplacha agus na hábhair chuí lena gcuid cártaí gnó a dhéanamh ar fáil do na daltaí.
Más féidir, tabhair am do na daltaí ICT a úsáid lena gcárta gnó a chruthú. B'fhéidir go mbeadh siad ábalta grianghraf a chur isteach lena mbrandáil a phearsantú. Tabhair am do gach dalta a gcárta gnó a chur i láthair don chuid eile den rang agus a mhíniú cad chuige ar roghnaigh siad an dearadh agus na híomhánna.

### Gníomhaíocht 2

Mínigh do na daltaí go bhfuil sé tábhachtach amharc ar an 'phictiúr mhór' agus iad ag samhlú a dtodhchaí. Tabhair cóip den áis *An Pictiúr Mór* do gach dalta. Mínigh gur chóir dóibh an áis seo a úsáid lena gcuid barrmhianta a fhrámú. Tig leo é seo a dhéanamh trína gcuid freagairtí ar na ceisteanna a chlárú sna hachair fhrámaithe. Tabhair am do na daltaí a 'bpictiúr mór' a chríochnú. Taispeáin na píosaí críochnaithe oibre agus tabhair am do na daltaí amharc ar shaothar a chéile. Pléigh an dóigh a bhfuil mianta agus brionglóidí difriúla ag gach duine agus gur chóir go dtabharfaí an fiúntas céanna dóibh uile. Léirigh go mb'fhéidir go n-athródh barrmhianta na ndaltaí thar am ach gur gléas tagartha úsáideach é seo go fóill le tacú leo agus iad ag baint a gcuid spriocanna amach.

### Gníomhaíocht 3

Cuir cuireadh ar na daltaí na leidráitis seo a leanas a úsáid lena ngairm thodhchaíoch a shamhlú. Mol dóibh teacht aníos le trí phointe do gach ráiteas.

### Leideanna

Nárbh iontach dá...
Nárbh uafásach dá...

# Téama 5

# An Dúshlán – Cás an Ardaitheora

## Cleachtann na daltaí a gcuid scileanna láithreoireachta agus féinmhargaíochta trí 'chás ardaitheora' a ullmhú agus a thabhairt.

### Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Cás an Ardaitheora* (Áis 6)
- *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* (Áis 7)
- Stad-uaireadóir

### Gníomhaíocht 1

Eagraigh an rang ina mbeirteanna. Tabhair cóip den áis *Cás an Ardaitheora* do gach beirt. Mínigh go dtagraíonn cás ardaitheora do chur i láthair is féidir a thabhairt san am a ghlacann turas ardaitheora (60 soicind nó i 100-150 focal). Cuir in iúl do na daltaí go bhfuil siad ag dul a úsáid beart chás an ardaitheora le hiad féin a dhíol. Iarr orthu a shamhlú go bhfuil siad i ndiaidh dul isteach in ardaitheoir leis an fhostóir is fearr leo ar an domhan. Níl acu ach an t-am a nglacann sé ar an ardaitheoir barr an fhoirgnimh a bhaint amach (thart faoi 1 bhomaite) le hiad féin a dhíol. Tabhair cuireadh do na beirteanna a gcás ardaitheora a ullmhú agus é a chur i láthair dá gcomhpháirtí.

Mol do na beirteanna féinmheasúnú agus piarmheasúnú a úsáid. Bain úsáid as na critéir ratha a léirítear ar an bhileog áise leis na daltaí a spreagadh le hamharc ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cé chomh maith agus a d'éirigh le mo chás ardaitheora?
- Cad é mar a thiocfadh liom mo chás ardaitheora a fheabhsú?

Iarr ar bheirteanna a gcuid cásanna ardaitheora a chur i láthair don chuid eile den rang go deonach. Mar rang, déanadh siad measúnú ar a gcur i láthair ag úsáid na gcritéar ratha comhaontaithe.

### Gníomhaíocht 2

Dáil cóip de *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* ar gach dalta. Mol dóibh é seo a léamh agus smaoineamh faoin gcuid foghlama go dtí seo. Iarr orthu *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* a chomhlánú. Ag an deireadh, tabhair cuireadh do na daltaí páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ghrúpa lena gcuid foghlama a roinnt lena chéile.

B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach aiseolas a chlárú ó dhaltaí aonair ina gComhad Dul Chun Cinn.

Áis 1

# Mo Mheasúnú Scileanna Infhostaitheachta

Usáid an teist thíos le do scileanna infhostaitheachta a mheas. Agus tú ag obair tríd an teist, déan iarracht smaoineamh ar amanna ar léirigh tú na scileanna seo. Ina dhiaidh sin, iarr ar chomhpháirtí an ceistneoir a chomhlánú ach an t-am seo caithfidh siadsan ceisteanna a fhreagairt faoi do chuid scileanna. Cuir na torthaí i gcomparáid. Ná bí buartha mura léiríonn tú na scileanna infhostaitheachta uile. Cuimhnigh gur féidir na scileanna infhostaitheachta a fhorbairt.

| | **Iontach lag san achar seo** | **Lag san achar seo** | **Forbairt de dhíth** | **Láidir san achar seo** | **Iontach láidir san achar seo** |
|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Cumarsáid (Béil) | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Cumarsáid (Scríofa) | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Obair foirne | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Réiteach fadhbanna | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Cinnteoireacht | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Pleanáil agus eagrú | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Idirbheartaíocht | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Cruthaitheacht | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Scileanna TFC | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Scileanna Uimhearthachta | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

Áis 2

# Mo Phlean Gníomhaíochta Scileanna Infhostaitheachta

| Scil | Gníomhaíocht chun Feabhsú |
| --- | --- |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

# Fógra Poist 'Scanlann'

## Scanlann

Tá deis fostaíochta páirtaimseartha againn faoi láthair do bheirt chúntóirí díolacháin sa siopa againn i lár an bhaile. Uaireanta tráthnóna agus deireadh seachtaine a bheidh i gceist agus d'fhéadfadh siad bheith fóirsteanach do dhaltaí scoile atá sásta post a roinnt.

**Beidh na scileanna agus na tréithe seo a leanas ag an iarratasóir a n-éireoidh leis/léi:**

- scileanna cumarsáide den scoth;
- scileanna maithe TFC;
- bheith ábalta obair mar bhall foirne;
- tiomanta; agus
- iontaofa.

Cuir r-phost chugainn ag eolas@scanlann.com le foirm iarratais a iarraidh.

Áis 4

# Measúnú Roghanna Pearsantachta

1. Socraigh cé acu taobh den scála a mothaíonn tú níos compordaí ann.
2. Léigh an téacs i ngach bosca agus cuir X ar an líne thíos faoi leis an rogha is fearr leat a léiriú. Mar shampla, más fearr leat go mór rogha A, cuir X faoi A. Ach, más fearr leat go mór rogha B, cuir X faoi sin.
3. Déan iarracht gan X a chur i lár báire. Is fearr leis an chuid is mó againn ceann amháin seachas ceann eile.

**A**
Bím cainteach agus is **fearr** liom bheith gníomhach agus bheith le daoine eile.
Is mise 'croí agus anam' an ghrúpa.

**B**
Bím ciúin agus is **fearr** liom rud amháin a dhéanamh ag am amháin. Is fearr liom bheith i m'aonar. Seasaim siar agus amharcaim ar dhaoine eile sa ghrúpa

**C**
Is **fearr** liom dóigheanna a úsáideadh roimhe le fadhbanna a réiteach agus rudaí a dhéanamh céim ar chéim.

**D**
Is **fearr** liom teacht ar dhóigheanna úra le fadhbanna a réiteach agus is fearr liom amharc ar an 'phictiúr mhór'.

**E**
Is **fearr** liom aird a dhíriú ar jab nó ar thasc seachas ar mhothúcháin daoine.

**F**
Is **fearr** liom smaoineamh ar mhothúcháin daoine agus comhoibriú le daoine eile an láidreacht agam.

**G**
Is **fearr** liom bheith ag pleanáil agus bheith eagraithe. Is maith liom rudaí a chur i gcrích.

**H**
Is **fearr** liom rudaí a fhágáil sa dóigh gur féidir iad a athrú fiú ag an bhomaite dheireanach.

Áis 5

# An Pictiúr Mór

Léigh na ceisteanna seo a leanas agus ansin cláraigh na freagraí sna spásanna thíos. Is féidir do chuid freagraí a chlárú trí fhocail, frásaí agus/nó íomhánna a úsáid.

Cad iad na dóigheanna ar mhaith leat difear a dhéanamh don domhan?



As cén rud ar mhaith leat clú a bheith ort?



Cad iad na scileanna agus na tréithe is láidre a bheidh agat?



Cén cineál oibre a bheidh i gceist i do phost?



Cén focal a chuireann síos ar an rud is tábhachtaí a bheidh i do shaol?



Cad é a bheidh tú a dhéanamh i gceann 5 bliana?



**Anois scríobh do cheisteanna agus do smaointe féin sna spásanna thíos faoin am atá le teacht:**





# Cás an Ardaitheora

Samhlaigh go bhfuil tú i ndiaidh dul isteach in ardaitheoir agus go bhfuil fostóir do chuid aislingí ansin. Níl agat ach an méid ama a ghlacann sé ar an ardaitheoir barr an fhoirgnimh a bhaint amach le tú féin a dhíol (thart faoi nóiméad amháin).

## Do Thasc

Le go n-éireoidh leat, caithfidh tú smaoineamh soiléir a bheith agat faoi phost do chuid aislingí agus faoin duine atá leat san ardaitheoir.

## Critéir Ratha

### Ba chóir go mbeadh an t-eolas seo a leanas i do chás ardaitheora:

- cé thú féin;
- na buanna atá agat;
- an dóigh a mbeifeá go maith ag an phost seo; agus
- an fáth ar mhaith leis an fhostóir seo tusa bheith ag obair aige/aici.

## Rólghlacadh

Déan rólghlacadh ar do chás ardaitheora i bpéirí. Sula dtosaíonn tú, inis do do pháirtí faoi phost do chuid aislingí agus faoin duine a bhí leat san ardaitheoir.

# Taifead Athmhachnaimh an Dalta

Ainmnigh trí rud a d'fhoghlaim tú san aonad seo.

Cad é mar a chuideoidh an fhoghlaim seo leat amach anseo?

Cé acu de na gníomhaíochtaí pleanála gairme seo a leanas a rinne tú mar chuid den aonad seo?

Léitheoireacht ☐

Amharc ar fhiseáin ☐

Taighde ☐

Cur i láthair ☐

Ag foghlaim ó dhaoine eile ☐

Sínithe: _____

Múinteoir: _____

Tuismitheoir: _____

# Suímh Idirlín Úsáideacha

Le teacht ar an ábhar tacaíochta is úire
don Oideachas don Infhostaitheacht, logáil
ar **www.ccea.org.uk/employability**

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

**COUNCIL** FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

*Rewarding Learning*